

**Preasráiteas: Embargo 11.00 r.n. Dé Luain 29 Márta 2010**

**Ábhar: Tuarascáil Bhliantúil 2009**

Cuireadh níos mó gearán ón bpobal i láthair Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le deacrachtaí nó fadhbanna le seirbhísí stáit trí Ghaeilge le linn 2009 ná mar a cuireadh in aon bhliain eile ó bunaíodh an Oifig.

Léiríonn Tuarascáil Bhliantúil na hOifige a foilsíodh inniu go ndearnadh 687 gearán éagsúil leis an Oifig le linn na bliana 2009 – méadú 15% ar an mbliain roimhe sin.

Réitíodh formhór mór na gcásanna sin trí chomhairle a chur ar an ngearánach nó trí idirbheartaíocht neamhfhoirmiúil leis an gcomhlacht poiblí cuí.

Sa chás nárbh fhéidir teacht ar réiteach ar an mbealach sin, tionscnaíodh imscrúduithe foirmiúla.

Seoladh 17 gcinn d'imscrúduithe foirmiúla le linn na bliana 2009 sa bhreis ar phéire a bhí fós idir lámha ó dheireadh na bliana roimhe sin. Tugadh chun críche 16 cinn de na himscrúduithe sin agus scoireadh de phéire eile nuair a thángthas ar chomhaontuithe sásúla. Bhí imscrúdú amháin fós idir lámha ag deireadh na bliana.

Cinneadh i dtrí imscrúdú éagsúla gur sháraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dualgais reachtúla teanga. Chruthaigh dhá imscrúdú ar leith go raibh dualgais sáraithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus b'amhlaidh an scéal i gcás amháin ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Rinne dhá údarás áitiúla, Comhairle Contae na Gaillimhe agus Comhairle Contae Fhine Gall, faillí ina ndualgais reachtúla teanga de réir imscrúduithe. Bhí teip i gcomhlíonadh dualgais reachtúla teanga i gceist freisin i gcás na gcomhlachtaí poiblí seo a leanas: an Chomhairle Ealaíon, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Iarnród Éireann.

Má theip ar chomhlachtaí poiblí dualgais teanga ar leith a chomhlíonadh go cuí, ní hionann sin agus a rá go raibh faillí á déanamh acu i leith dualgais teanga go ginearálta.

Ón nGaeltacht a tháinig an ceathrú cuid de na gearáin a rinneadh anuraidh leis an gCoimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin. Ar bhonn réigiúnach, tháinig 38% de na gearáin ó Chontae Bhaile Átha Cliath agus 16% de na gearáin ó Chontae na Gaillimhe.

Níl i ndéileáil le gearáin ach gné amháin d'obair Oifig an Choimisinéara Teanga.

Tugadh faoi mhionchlár iniúchtaí ar chomhlachtaí poiblí le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla. Bhain na hiniúchtaí sin le gnéithe ar leith de na dualgais dhíreacha faoin Acht féin, leis na Rialacháin atá déanta faoin Acht agus le scéimeanna reachtúla teanga.

Anuas air seo, rinne fostaithe i gcomhlachtaí poiblí 377 iarratas i rith na bliana i dtaca le comhairle a fháil maidir lena ndualgais teanga. B'ionann sin agus méadú 153% ar an mbliain

roimhe sin agus tharla sé, tríd is tríd, de thoradh theacht i bhfeidhm na Rialachán nua maidir le húsáid na Gaeilge ar chomharthaíocht agus ar stáiseanóireacht.

Seoladh feachtais eolais le linn na bliana chomh maith i dtaca le húsáid na Gaeilge sna cúirteanna agus ar chomharthaí tráchta.

Agus é ag seoladh na Tuarascála Bliantúla, dúirt an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, go raibh forbairt déanta ag cuid mhór den státchóras ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge agus go raibh méadú ar thuiscint an phobail agus an státchórais ar chearta teanga.

“Os a choinne sin, tá bearnaí suntasacha fós idir leibhéal na seirbhíse a sholáthraítear trí Ghaeilge i gcomparáid leis na seirbhísí céanna sin trí Bhéarla. Tionscnamh fadtéarmach a bheidh ann a chinntiú go líonfar na bearnaí sin,” a dúirt sé.

“Go ginearálta, is dócha go bhfuil seasamh na Gaeilge ag leibhéal náisiúnta níos daingne anois ná ag aon tréimhse eile le deireanas. Tá a bhfuil i ndán don Ghaeilge mar theanga bheo phobail, áfach, fiú sna ceantair is láidre Ghaeltachta ag an leibhéal is leochailí dá bhfuil ann – ag pointe géarchéime más fíor do chuid den lucht anailíse – go háirithe i measc an aosa óig. Cé go leanfaidh mórán ag labhairt na Gaeilge, teastaíonn toirt chriticiúil le go mairfidh sí mar theanga phobail. Ní go fánach a dhéanann tuismitheoirí Gaeltachta rogha teanga dá gclann agus cibé rogha a dhéanann siad, déantar chun leas na bpáistí é. Gach uair a chuireann oifigigh stáit iallach ar chainteoirí Gaeilge an Béarla a roghnú, daingníonn siad teachtaireacht dhiúltach. Caithfear eagraíochtaí pobail sa Ghaeltacht a chumasú le cinntiú go gcloistear glór na Gaeltachta agus nach gcuirtear ina thost é,” a dúirt sé.

“Caithfidh an Straitéis 20 Bliain atá beartaithe don teanga a bheith láidir a dhóthain le dul i ngleic le daingniú na Gaeilge mar theanga bheo phobail sa Ghaeltacht mar cheann amháin dá croícheisteanna. Nuair a aontófar an Straitéis, tá sé riachtanach go gcuirfear tús éifeachtach agus gasta lena cur i bhfeidhm iomlán. Mura raibh seo le tarlú, agus go rabhthas le caitheamh léi mar a tharla le hiliomad tuarascálacha inmholta roimhe seo, b’fhéarr dá gcaithfí i leataobh anois í ar mhaithe le tuilleadh soiniciúlachta a sheachaint. Beart de réir briathra a theastaíonn in áit focail mhilse,” a dúirt Seán Ó Cuirreáin.

(CRÍOCH)

Tá an Tuarascáil Bhliantúil foilsithe go príomha i bhfoirm leictreonach agus tá sí ar fáil ar [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie).

Tuilleadh Eolais: Damhnait Uí Mhaoldúin ar (091) 504 006 nó 0872197946 nó ag [Damhnait@coimisineir.ie](mailto:Damhnait@coimisineir.ie)

Féach freisin: Achoimrí ar Imscrúduithe 2009

Tá achoimrí níos cuimsithí ar na himscrúduithe ar fad curtha ar fáil mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil ar [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie).